2026/1835

24.7.2026

MOLADH (AE) 2026/1835 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2026

maidir le cur i bhfeidhm pionós dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh i ndáil le hoibleagáidí allmhaireoirí

AN COIMISIÚN EORPACH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Lúnasa 2024, tháinig Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh i bhfeidhm. Rannchuidíonn an Rialachán le bailiú sonraí iontaofa láidre ar cheart dóibh a bheith ina mbonn leordhóthanach le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin, rud a áiritheoidh go mbeidh trédhearcacht ann, agus, i gcás inar gá, déantar foráil leis maidir le gníomhaíocht bhreise chun tuilleadh srianta a chur le hastaíochtaí meatáin.

(2) San fhadtéarma, leis an laghdú ar astaíochtaí meatáin san earnáil dhomhanda ola agus gáis mar thoradh ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2024/1787, ba cheart go dtacófar le slándáil an tsoláthair. Tugtar le fios i dtorthaí ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (GIF) ([2]) le déanaí go bhféadfaí suas le 200 bcm gáis a chur ar fáil trí aghaidh a thabhairt ar an sceitheadh agus trí dhul i ngleic le scaoileadh agus bladhmadh rialta. Mar sin féin, tugtar le fios san anailís chéanna sin nach bhfuil ach 15 bcm ar fáil sa ghearrthéarma, agus an chuid is mó de i dtíortha nach bhfuil aon chonaire onnmhairiúcháin inmharthana acu chuig an Aontas.

(3) Le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2024/1787 ceanglaítear ar allmhaireoirí sonraí agus faisnéis maidir le hastaíochtaí meatáin ó thíortha agus ó chuideachtaí atá ina n-onnmhaireoirí chuig an Aontas, lena n-áirítear mionsonraí i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil a n-astaíochtaí meatáin á dtomhas, á dtuairisciú agus á laghdú acu agus, má tá, an chaoi a bhfuil siad á dtomhas, á dtuairisciú agus á laghdú acu, a thuairisciú ar bhonn bliantúil d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe.

(4) Le hAirteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2024/1787 ceanglaítear ar allmhaireoirí a léiriú agus a thuairisciú d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe go gcumhdaítear, ina gconarthaí chun fuinneamh iontaise a sholáthar, amhola, gás nádúrtha nó gual a tháirgtear faoi bhearta faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal an táirgeora, ar bearta iad atá coibhéiseach leo siúd a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1787.

(5) Le hAirteagal 29(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2024/1787 ceanglaítear ar allmhaireoirí agus ar tháirgeoirí san Aontais an déine meatáin i dtáirgeadh na hamhola, an gháis nádúrtha agus an ghuail a chuireann siad ar mhargadh an Aontais a thuairisciú d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe.

(6) Na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 28(1) agus in Airteagal 29(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2024/1787, tá feidhm acu maidir le conarthaí a tugadh i gcrích nó a athnuadh an 4 Lúnasa 2024 nó ina dhiaidh sin. A mhéid a bhaineann le conarthaí a tugadh i gcrích roimh an dáta sin, tá sé d'oibleagáid ar allmhaireoirí gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun coibhéis beart faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a bheith ina ceanglas ar leibhéal an táirgeora ina gconarthaí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (AE) 2024/1787 agus chun an déine meatáin i dtáirgeadh na hamhola, an gháis nádúrtha agus an ghuail a chuireann siad ar mhargadh an Aontais a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 29(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2024/1787.

(7) Le hAirteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2024/1787 ceanglaítear ar na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán a leagan síos, agus na bearta uile is gá a dhéanamh lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Go dtí seo, níor thug ach mionlach de na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir lena gcórais phionóis.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 (IO L, 2024/1787, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1787/oj).

([2]) IEA Global Methane Tracker 2026, leathanach 4.

(8) Le hAirteagal 33(2) de Rialachán (AE) 2024/1787 ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla pionóis agus bearta riaracháin áirithe ar a laghad a fhorchur maidir le sáruithe ar na ceanglais allmhairiúcháin a leagtar síos in Airteagal 27(1), Airteagal 28(1) agus (2), agus Airteagal 29(1) den Rialachán sin, ar choinníoll nach gcuirfidh aon bheart nó pionós den sórt sin slándáil an tsoláthair fuinnimh i mbaol.

(9) Thairis sin, le hAirteagal 33(7), pointe (i), de Rialachán (AE) 2024/1787, ceadaítear do na Ballstáit aon toisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach eile is infheidhme maidir le himthosca an cháis a chur san áireamh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tríú páirtí.

(10) Ón 27 Feabhra 2026 ar aghaidh, tá Caolas Hormuz, ar tachtphointe muirí ríthábhachtach é don trádáil dhomhanda fuinnimh, thíos le suaitheadh mór geopholaitiúil agus eacnamaíoch, rud ba chúis lena dhúnadh. Meastar go forleathan gurb iad na suaití sin na suaití is mó a d'imir tionchar ar sholáthairtí fuinnimh domhanda ó bhí an ghéarchéim fuinnimh ann sna 1970idí, agus gurb iad na suaití is mó dá raibh ann riamh i stair an mhargaidh dhomhanda ola.

(11) Tá tionchar diúltach domhain marthanach á imirt ag an suaitheadh sa Mheánoirthear ar na margaí fuinnimh domhanda agus Eorpacha. Tá difear déanta do thart ar 20 % den soláthar domhanda gáis nádúrtha leachtaithe ([3]) (GNL) agus do 25 % den trádáil dhomhanda ola ar muir ([4]). Mar thoradh air sin, ní tharlóidh an fás GNL 2026-2027 a raibh coinne leis, agus cuirfear an rósholáthar GNL siar 2 bhliain ar a laghad, rud lena ngabhfaidh rioscaí maidir le slándáil an tsoláthair agus brú praghsanna ([5]). A mhéid a bhaineann le hola, is mó ná 13 mb/d anois an caillteanas foriomlán onnmhairí ola, agus mar gheall ar an gciorrú táirgeachta gaolmhar agus an damáiste don bhonneagar fuinnimh sa réigiún, tá caillteanais charnacha soláthair de thart ar 3 bhilliún bairille ann, lena n-áirítear caillteanais a bhfuil coinne leo le linn an bhorrtha táirgthe de réir a chéile i ndiaidh na coinbhleachta ([6]). Níl soláthróirí lasmuigh de réigiún na Murascaille in ann an bhearna i soláthairtí GNL agus ola a chúiteamh ach ar bhonn teoranta. An damáiste don bhonneagar fuinnimh i réigiún na Murascaille, an t-am is gá chun an bonneagar a atosú agus an maolú de réir a chéile ar an scrogall, cuirfidh na nithe sin go léir leis an tréimhse neamhdhóthanachta soláthair agus le héiginnteachtaí sna margaí fuinnimh domhanda, ar dócha gur tréimhse fhada a bheidh ann. Dá réir sin, meastar go mairfidh an tréimhse sin níos faide ná athoscailt iomlán chobhsaí Chaolas Hormuz.

(12) Tráth ar cúis imní é go mbeidh ganntanais soláthair fhada ann, tá ardú tagtha ar phraghsanna gáis agus ola go dtí na leibhéil is airde ó tharla an ghéarchéim arbh é mór-ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022 a spreag í. Sháraigh praghsanna amhola Brent USD 100 in aghaidh an bhairille an 8 Márta 2026 den chéad uair le 4 bliana, agus d'ardaigh siad go USD 118 in aghaidh an bhairille ag an mbuaicphointe an 31 Márta 2026. Tháinig ardú géar ar phraghsanna gáis nádúrtha go EUR 62/MWh an 19 Márta 2026. Cé gur fhan praghsanna ola i mí an Mheithimh 2026 níos gaire do USD 80 in aghaidh an bhairille agus gurbh é EUR 42/MWh na praghsanna gáis, tá an luaineacht fós ann.

(13) Braitheann an tAontas ar na margaí domhanda ola agus gáis chun freastal ar a chuid riachtanas. Mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear, tá géarú nach beag tagtha ar sholáthairtí sna margaí domhanda ola agus gáis. Chun dul i ngleic le neamhchosaint thomhaltóirí agus ghnólachtaí an Aontais ar na ganntanais soláthair is cúis le praghsanna arda luaineacha fuinnimh, ní mór don Aontas allmhairí iontaofa leanúnacha breosla iontaise ó réigiúin eile a áirithiú.

(14) Le Rialachán (AE) 2024/1787, ní fhorchuirtear srianta ar allmhairí fuinnimh chuig an Aontas. Mar sin féin, d'fhéadfaí pionóis a chur i bhfeidhm mura gcomhlíontar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 27(1), Airteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 29(1) den Rialachán sin. Tá rogha, go pointe áirithe, ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit maidir le pionóis a chur i bhfeidhm i leith sáruithe ar Rialachán (AE) 2024/1787, agus maidir le méid na bpionós, go háirithe d'fhonn a áirithiú nach gcuirfear slándáil an tsoláthair fuinnimh i mbaol de bharr chur i bhfeidhm na bpionós nó na rioscaí dliteanais sin faoin Rialachán sin.

([3]) Gas Market Report, Q2-2026 – Analysis - IEA, leathanach 6.
([4]) Strait of Hormuz - About - IEA.
([5]) Gas Market Report, R2-2026- leathanach 8.
([6]) De réir na tuarascála Oil Market Report ó GIF a foilsíodh an 14 Aibreán 2026, meastar go dtiocfaidh laghdú 3,9 mbbl in aghaidh an lae ar an soláthar ola domhanda in 2026, is é sin, laghdú 1 423 mhilliún bairille san iomlán.

(15) I gcomhthéacs na géarchéime soláthair atá ann faoi láthair, meastar gur toisc a chuireann le héiginnteacht dhlíthiúil í an tsolúbthacht do na Ballstáit maidir le pionóis a chur i bhfeidhm, dá bhforáiltear le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2024/1787. An easpa córas pionóis atá ann faoi láthair i bhformhór na mBallstát, gan aon fhéidearthacht ann measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le neamhchomhlíonadh féideartha cheanglais allmhairiúcháin Rialachán (AE) 2024/1787, is easpa í atá luaite ag allmhaireoirí mar thoisc mhór riosca lena gcuirtear cosc ar shíniú nó ar athnuachan conarthaí soláthair don Aontas agus a mhéadaíonn an riosca go bhfoirceannfar na conarthaí soláthair atá ann cheana.

(16) Laghdófaí an bhraistint go bhfuil éiginnteacht dhlíthiúil ann i ndáil leis na córais phionóis is infheidhme ar fud an Aontais dá nglacfadh na Ballstáit uile córais phionóis náisiúnta. Le tacar soiléir rialacha ar fud na mBallstát uile, agus cur chuige comhleanúnach ar fud an Aontais, chuirfí deireadh le leibhéal mór éiginnteachta trí shoiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha beachta agus ar na pionóis bheachta a bhfuil feidhm acu i ndlínsí náisiúnta éagsúla.

(17) Le hAirteagal 33(2) de Rialachán (AE) 2024/1787 ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfear slándáil an tsoláthair fuinnimh i mbaol le cur i bhfeidhm pionós. In earnáil an gháis, is é is aidhm do Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) suaitheadh féideartha an tsoláthair gáis ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach a chosc agus freagairt dó. Le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2017/1938 bunaítear leibhéil ghéarchéime arna spreagadh ag teagmhais nó ag tásca ar theagmhais a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail suaitheadh an tsoláthair gáis nó éileamh ard urghnách ar ghás, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le meath mór ar staid an tsoláthair gáis. I gcás ina bhfógrófar leibhéal géarchéime, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú nach dtabharfar isteach aon bheart a chuirfeadh srian míchuí ar an sreabhadh gáis laistigh den mhargadh inmheánach tráth ar bith agus nach dtabharfar isteach aon bheart ar dócha go gcuirfeadh sé staid an tsoláthair gáis i mBallstát eile i mbaol go mór. In earnáil na hola, leagtar síos le Treoir 2009/119/CE ón gComhairle ([8]) rialacha arb é is aidhm dóibh ardleibhéal slándála soláthair ola a áirithiú trí shásraí atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, lena gceanglaítear ar na Ballstáit stoic íosta amhola nó táirgí peitriliam a choinneáil ar bun agus na modhanna nós imeachta is gá a chur i bhfeidhm chun déileáil le ganntanas tromchúiseach.

(18) Cé go soláthraítear leis na rialacha atá ann cheana maidir le slándáil an tsoláthair gáis agus ola na príomhghnéithe chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí do shlándáil an tsoláthair, d'fhéadfadh éagsúlachtaí a bheith ann idir na bealaí ina ndéanann gach Ballstát aonair an mheastóireacht ar na rioscaí sin. Cé go bhfuil slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais á coinneáil ar bun faoi láthair, tá an ghéarchéim sa Mheánoirthear ina cúis le damáiste a bhfuil a éifeachtaí fós ann agus ar dócha go gcuirfidh siad slándáil an tsoláthair fuinnimh ar fud an Aontais i mbaol má atreoraítear an soláthar chuig margaí eile, rud a fhágann gur gá cur chuige comhordaithe maidir le pionóis a chur i bhfeidhm ar fud na mBallstát uile. Dá bhrí sin, is é is aidhm don Mholadh seo soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú maidir le cur chun feidhme Airteagal 33(2) de Rialachán (AE) 2024/1787 i gcomhthéacs na géarchéime sa Mheánoirthear.

(19) Chun nach gcuirfear slándáil an tsoláthair fuinnimh i mbaol, mar a fhoráiltear in Airteagal 33(2) de Rialachán (AE) 2024/1787, agus chun dul i ngleic le neamhchosaint thomhaltóirí agus ghnólachtaí an Aontais ar ghanntanais soláthair fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le praghsanna arda, níor cheart do na Ballstáit na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 33(5), pointí (m), (n) agus (o), de Rialachán (AE) 2024/1787 a chur i bhfeidhm go ceann tréimhse theoranta ama, ach amháin i gcásanna sáruithe calaoiseacha ar na hoibleagáidí sin. Ba cheart go gcuideodh sé sin lena áirithiú go dtabharfaidh allmhaireoirí conarthaí soláthair i gcrích le haghaidh na tréimhse atá le teacht gan an riosca pionós, torthaí neamhchomhlíonta nó dliteanais, agus go leanfaidh siad an tráth céanna de na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo a dhéanamh chun comhlíonadh cheanglais allmhairiúcháin Rialachán (AE) 2024/1787 a bhaint amach.

([7]) Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1938/oj).

([8]) Treoir 2009/119/CE ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choinneáil (IO L 265, 9.10.2009, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/119/oj).

(20) An tráth céanna, níor cheart go rachadh an tréimhse chairde maidir le neamhchur i bhfeidhm pionós thar a bhfuil riachtanach chun a áirithiú go dtabharfar conarthaí i gcrích le haghaidh méideanna leordhóthanacha chun ganntanais soláthair mar gheall ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair a chosc. De réir na réamhaisnéisí atá ann faoi láthair, is dócha go leanfaidh ganntanais soláthair sna margaí domhanda gáis agus ola ar aghaidh agus meastar gur idir 3 agus 5 bliana a mhairfidh na deisiúcháin ar bhonneagar a ndearnadh damáiste dó sa Mheánoirthear ([9]). Léirítear i bhfaisnéis le déanaí maidir le conraitheoireacht ([10]) le haghaidh toirteanna ola agus gáis go bhfuil laghdú tagtha ar ghníomhaíocht chonarthach i gcás toirteanna soláthair nuashínithe don tréimhse ionchasach 2029 agus 2030, ar cosúil go bhfuil siad níos ísle ná mar a bhí coinne leis i gcás seachadtaí i gceann 3 bliana, bunaithe ar chuar soláthair réamh-mheasta margaidh atá ag oibriú faoi ghnáthdhálaí. Mar shampla, tagann laghdú níos mó ná 10 % ar sciar na gconarthaí nuashínithe i gcomparáid leis an líon iomlán conarthaí le haghaidh gás nádúrtha ó 2028 go 2029, rud a léiríonn bacainní féideartha ar chonraitheoireacht. Is í solúbthacht na margaí domhanda ola agus gáis a fhágann gur féidir freagairt go mear d'aon ghéarchéim, agus feidhmíonn sí mar mhaolaire turrainge. Ní mór an tsolúbthacht sin a chaomhnú. Chuirfeadh tréimhse chairde 3 bliana le leanúnachas oibríochtaí a áirithiú gan cur le géarú an tsoláthair níos doichte amholaí atá nasctha leis na seachadtaí laghdaithe ó Mhurascaill na Peirse.

(21) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí nár cheart do na Ballstáit na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 33(5), pointí (m), (n) agus (o) de Rialachán (AE) 2024/1787 a chur i bhfeidhm maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí atá dlite in 2027, 2028 agus 2029.

(22) D'fhéadfadh sé go mbeadh riosca méadaithe ann nach gcomhlíonfadh allmhaireoirí a n-oibleagáidí faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe faoi Rialachán (AE) 2024/1787 mar thoradh ar thréimhse chairde nach gcuirfí pionóis i bhfeidhm lena linn. Mar sin féin, i bhfianaise na nganntanas domhanda soláthair fuinnimh agus na dianiomaíochta do na lastaí atá ar fáil, arb í an ghéarchéim atá ann faoi láthair is cúis leo, tá tréimhse chairde den sórt sin, atá teoranta go docht don mhéid is gá chun éifeachtaí na géarchéime a mhaolú, agus lena n-eisiatar cásanna sáruithe calaoiseacha, i gcomhréir leis an riosca a eascraíonn as sin go ndéanfaí na hoibleagáidí sin a fhorfheidhmiú go neamhleor.

(23) Tá an Moladh seo teoranta do thréimhse chairde a mholadh maidir le pionóis nó dliteanas áirithe a chur i bhfeidhm i bhfianaise na n-imthosca agus na gcoinníollacha sonracha a dtugtar tuairisc orthu. Leanfaidh na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 27(1), Airteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2024/1787 d'fheidhm a bheith acu, fiú má mholtar nach gcuirfeadh na Ballstáit na forálacha smachtbhannaí gaolmhara in Airteagal 33(5), pointí (m), (n) agus (o) den Rialachán sin i bhfeidhm. Le linn na tréimhse sin, ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh go gníomhach ar dhul chun cinn na comhlíontachta agus é a dhreasú. Leis an Moladh seo, ní chuirtear cosc ar na Ballstáit an tréimhse chairde chéanna a chur i bhfeidhm maidir le pionóis i leith tháirgeoirí an Aontais má mheasann siad go bhféadfadh forchur na bpionós sin slándáil an tsoláthair fuinnimh a chur i mbaol ar an gcaoi chéanna.

(24) Leis an Moladh seo, ní chuirtear cosc ar na Ballstáit córais phionóis náisiúnta a leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2024/1787. Faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh agus nuair nach bhfuil aon riosca ann do shlándáil an tsoláthair fuinnimh, agus lasmuigh de raon feidhme an Mholta seo, féadfaidh na Ballstáit pionóis as sáruithe ar Rialachán (AE) 2024/1787 a chur i bhfeidhm atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart leibhéal, déine agus cineál na bpionós a chuirtear i bhfeidhm maidir le sárú coincréiteach a chinneadh agus na tosca a leagtar amach in Airteagal 33(7), ar a laghad, á gcur san áireamh. Moltar do na Ballstáit córais phionóis náisiúnta a bhunú mar ábhar tosaíochta.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Molann an Coimisiún nár cheart do na Ballstáit na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 33(5), pointí (m), (n) agus (o) de Rialachán (AE) 2024/1787 a chur i bhfeidhm i ndáil le sáruithe ag allmhaireoirí ar na hoibleagáidí atá dlite in 2027, 2028 agus 2029 ach amháin i gcásanna sáruithe calaoiseacha ar na hoibleagáidí sin. Le linn na tréimhse sin, ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh go gníomhach ar dhul chun cinn na comhlíontachta agus é a dhreasú.

([9]) Féach an ráiteas ó Qatar Energy an 19 Márta 2026.
([10]) Measúnú Sheirbhísí an Choimisiúin bunaithe ar fhaisnéis ó Cedigaz, Bloomberg New Energy Finance, London Stock Exchange Group.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Mholta seo faoin 1 Eanáir 2028, i gcomhthéacs an athbhreithnithe faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/1787.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Dan JØRGENSEN
Comhalta den Choimisiún